**'leathshúil'**

**'fén gcuirtín'**

Feicimid grá na máthar nuair a dhéanann sí an cinneadh 'leathshúil' a thabhairt 'fén gcuirtín'. San íomhá seo, feictear gur duine grámhar í. Ceapann Jeaic go bhfuil sé aosta go leor fanacht leis féin, ach tá ciall ag a mháthair. Tá sí bródúil as a mac beag a bheith neamhspleách. Tuigeann sí go bhfuil sé ag fás suas agus tá bród uirthi as a chuid crógachta. Is léir go bhfuil grá gan teorainn ag an bhfile do Jeaic.

**'gaineamh na trá'**
**'I'll wait by myself'**

Feicimid íomhá de Jeaic ar a laethanta saoire cois farraige agus é ag glanadh 'gaineamh na trá' de. Maidin bhrothallach san fhómhar atá ann anois. Tá éide scoile nua á chaitheamh aige agus é ag dul ar ais ar scoil. Feicimid máthair Jeaic ag fágáil slán lena mac, gan é a phógadh. "I'll wait by myself" a deir sé léi. Íomhá greannmhar é seo. Síleann an buachaill óg go bhfuil sé an-aibí, agus nach bhfuil aon cabhair ag teastáil uaidh, cé nach bhfuil sé ach sé bliana d'aois. Is breá liom an codarsnacht san íomhá seo idir an samhradh agus an fómhar. Chuir an íomhá seo an bunscoil i gcuimhne dom. Is féidir comhionnú leis mar bhí mé sa bhunscoil freisin agus is cuimhin liom go maith é. Bhí mo mháthair cosúil le máthair Jeaic.

LIVEWORKSHEETS